



Smaointe Inbhuanaitheachta le haghaidh FBManna

Chun tairbhe Gnó - Chun tairbhe na Timpeallachta - Chun tairbhe Custaiméirí



Smaointe agus gníomhartha praiticiúla le haghaidh FBManna chun dramhaíl, costais agus lorg carbóin a laghdú.



CURTHA I DTOLL A CHÉILE AG
Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council



LE TACAÍOCHT Ó



fingal.ie

Tá inbhuanaitheacht ciallmhar

Fáilte chuig ár dTreoir maidir le hInbhuanaitheacht d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide.

Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta do thacú le FBManna a bheith níos inbhuanaithe agus ceannaireacht a thabhairt ag leibhéal áitiúil agus réigiúnach chun spriocanna a bhaineann le Gníomh um Athrú Aeráide a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, soláthróidh Margadh Glas na hEorpa, ina sonraítear roinnt tionscnamh beartais maidir leis an ngeilleagar ciorclach, athchóiriú a thógáil, bithéagsúlacht, feirmeoireacht agus nuálaíocht agus é mar aidhm geilleagar an AE a dhéanamh inbhuanaithe, deiseanna le haghaidh gnó glas.

Cé go mb'fhéidir go gceapfaí gur cuspóir dúshlánach do ghnó beag é inbhuanaitheacht a bhaint amach, is cuspóir é a mbaineann ciall leis. D'fhéadfadh go mbeadh cur chuige inbhuanaithe gnó mar bhonn le héifeachtúlachtaí, coigilteas costais, agus tá an cumas aige cabhrú le gnóthaí custaiméirí nua a aimsiú agus conarthaí nua a shíniú. D'fhéadfadh soláthar glas éifeachtúlacht a mhéadú, íomhá phoiblí a fheabhsú agus tionchar ar an timpeallacht a laghdú.

Trí dhírú ar inbhuanaitheacht cabhróidh tú le do ghnó a bheith níos éifeachtúla ó thaobh acmhainní de trí níos lú amhábhhar, fuinnimh agus uisce a úsáid. Is é atá á lorg i mbeartas náisiúnta agus AE go mbeadh gnóthaí ag díriú ar aistriú chuig cur chuige atá bunaithe ar an ngeilleagar ciorclach, áit a bhfuil acmhainní á n-athúsáid agus á n-athchúrsáil, agus a bhfuil athearraíocht á baint as sruthanna dramhaíola mar shruthanna acmhainní le haghaidh táirgeadh de chineál eile.

Inár gcás féin, i Meán Fómhair 2019 ghlac Comhairle Contae Fhine Gall lena Plean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide ina ndearnadh cur síos ar 133 gníomh bunaithe ar chúig théama: Fuinneamh agus Foirgnimh; Iompar; Seasmhacht i gcoinne Tuilte; Réitigh Nádúrbhunaithe; agus Bainistíocht Acmhainní.

Tá ár gcéad tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn foilsithe againn ina bhfuil fianaise ar dhul chun suntasach a bheith déanta i réimsí áirithe. Ceann den cheithre sprioc a bhí sonraithe sa Phlean Gníomhaíochta ba ea go mbeadh feabhas 33% le tabhairt faoi deara ar éifeachtúlacht fuinnimh na Comhairle faoi mhí na Nollag 2020, sprioc a comhlíonadh bliain níos tuisce ná mar a bhí sonraithe sa sceideal.

An English version of this guide is available at: www.fingal.ie/sustainablebusiness





Tugadh le fios in Athbhreithniú Fuinnimh na Foirne Bainistíochta Fuinnimh le haghaidh 2019, i gcomhar le Codema, Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath, gur tháinig feabhas 34.5% ar éifeachtúlacht fuinnimh na Comhairle, rud a chiallaíonn go raibh an sprioc 33% á sárú. Tá 70% den soilsiú poiblí sa chontae athraithe go LED ag an gComhairle agus táthar ag súil le críoch a chur leis an gclár in 2021. Chomh maith leis sin, tá obair ar siúl chun an flít feithicil a athrú chuig flít leictreach ina mbeidh 34 feithicil bhóthair leictreach agus tá 15 fheithicil eile ordaithe.

As seo go ceann deich mbliana, tá spriocanna uaimhianacha laghdaithe carbóin sonraithe d'Éirinn. Cruthóidh sé seo dúshlán don tsochaí trí chéile. Ní mór dúinn ar fad ár gcion a dhéanamh, sa bhaile nó inár ngnó féin, agus is chuige sin a chuir an Chomhairle an treoir phraiticiúil seo i dtoll a chéile do ghnóthaí chun smaointe agus gníomhartha a spreagadh chun cabhrú le do ghnó cur ar bhealach dearfach leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh dúshlán an athraithe aeráide a chomhlíonadh.

Tá tuilleadh eolais agus acmhainní úsáideacha le fáil ar:

www.fingal.ie/ga/gnoinbhuanaithe

I mbeagán focal, tá an méid seo a leanas fíor faoi Ghnó Inbhuanaithe:

- **Téann sé chun Tairbhe Gnó**
- **Téann sé chun Tairbhe na Timpeallachta**
- **Téann sé chun Tairbhe Custaiméirí**

D'fhéadfadh difríocht ollmhór a bheith mar thoradh ar athruithe beaga, dá réir sin, tá sé in am dul i mbun machnaimh agus tús a chur leis an bpleanáil inniu.



An Comhairleoir David Healy
Méara Fhine Gall



AnnMarie Farrelly
Príomhfheidhmeannach



Buntáistí do do ghnó



Le cois lorg carbóin do ghnó a laghdú, baineann buntáistí eile le smaointeoireacht inbhuanaithe a áireamh sa chur chuige atá agat i ndáil le réachtáil do ghnó:

1 Coigilteas Costais:

Trí dheireadh a chur le húsáid iomarcach fuinnimh agus dramhaíl neamhriachtanach, is féidir le gnóthaí billí fuinnimh agus bainistíochta dramhaíola a laghdú suas le 10% sa bhliain.

2 Cinntigh go bhfuil Dea-cháil ort:

Is ábhar imní do thomhaltóirí é gníomhú ar son na haeráide. Cruthaíonn iarrachtaí astaíochtaí carbóin agus carnadh dramhaíola a laghdú nasc dearfach le custaiméirí agus d'fhéadfadh sé dul i bhfeidhm ar na cinntí a dhéanann custaiméirí earraí a cheannach chomh maith.

3 Breis Iomaíochais:

Má dhéanann tú obair ullmhúcháin don todhchaí, lena n-áirítear soláthar glas a chur san áireamh, cinnteoidh tú go mbeidh tú céim nó dhó chun tosaigh rud a chabhraíonn le dlús a chur faoi iomaíochas gnó.

4 Foireann Dhúthrachtach a Mhealladh:

Tá níos mó fostaithe anois ag iarraidh go mbeidh a gcuid fostaithe ag gníomhú ar son an athraithe aeráide. D'fhéadfadh Plean Gníomhaíochta um Inbhuanaitheacht i do ghnó cabhrú leat an fhoireann cheart a mhealladh agus a choimeád.

Déan Comhiarracht:

I do ról mar úinéir/bainisteoir gnó, is féidir leat níos mó dul chun cinn a dhéanamh trí dheis rannpháirtíochta a thabhairt do d'fhoireann. Mínigh don fhoireann an méid is mian leat a bhaint amach. Tarraing aird air agus mol iompar coigilte fuinnimh agus athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh. Forbair na smaointe atá ag daoine éagsúla. Sonraigh sprioc go mbeadh úsáid fuinnimh á laghdú (idir 5-10%) sa ghnó. Bíodh na spriocanna á dtaispeáint in áit fheiceálach ionas go bhfeicfidh an fhoireann iad. Smaoinigh ar dhuais foirne a bhronnadh má chomhlíontar na spriocanna coigilte fuinnimh. Pléigh an dul chun cinn atá á dhéanamh go rialta lena chinntiú go mbeidh ról á imirt ag gach duine.

Glac le gníomhaíochtaí gnóthaí áitiúla eile mar fhoirse spreagtha. Féach ar na físeáin atá forbartha againn ina bhfuil léargas á thabhairt ar chás-staidéir éagsúla: www.fingal.ie/ga/gnoinbhuanaithe-cas-staidear

Mol don fhoireann modúil Acadamh Fuinnimh SEAI a dhéanamh. Díríonn na seisiúin ar líne 20 nóiméad seo ar Éifeachtúlacht Fuinnimh Gnó agus ar Fhuinneamh agus Athrú Aeráide. Tá nasc chuig na modúil SEAI agus ábhair úsáideacha eile a bhaineann le coigilt fuinnimh le fáil ar www.fingal.ie/ga/gnoinbhuanaithe

BUAIGH



Iníúchadh Inbhuanaitheachta saor in aisce do do ghnó.

Faigh amach faoinár gcomórtas ar leathanach 14.



Tosaímis le coigilt fuinnimh



Is féidir leis an gcuid is mó de ghnóthaí airgead agus fuinneamh a choigilt trí dhíriú ar úsáid fuinnimh. Tarlaíonn diomailt fuinnimh, den chuid is mó, nuair nach mbímid ag smaoineamh ar a leithéid: soilse a fhágáil casta air, teas agus trealamh ar siúl nuair nach gá. Is féidir leat an seicliosta seo a úsáid chun cabhrú leat bealaí a aimsiú chun úsáid fuinnimh a laghdú, airgead a shábháil agus cabhrú leis an bpláinéad.

1 Soilsiú:

Gníomhartha tapa agus simplí chun úsáid fuinnimh ar shoilsiú a laghdú:

- Bain an méid tairbhe agus is féidir as solas nádúrtha trí limistéir oibre a lonnú taobh leis an bhfoinse solas nádúrtha, glan fuinneoga agus fuinneoga dín go rialta agus cinntigh nach bhfuil fuinneoga blocáilte.
- Smaoinigh ar roghanna níos éifeachtúla a shuiteáil in ionad na mbolgán agus na bhfeistithe atá in úsáid agat faoi láthair e.g. LEDanna nó soilse fluaraiseacha T5. Glan na feistithe solais uair sa bhliain, ar a laghad.
- Cas as na soilse nuair nach bhfuil an seomra in úsáid. Ba cheart don duine deireanach atá ag fágáil an fhoirgnimh a chinntiú go bhfuil na soilse neamhriachtanacha ar fad casta as.
- Smaoinigh ar uaineadóirí nó braiteoirí gluaiseachta / sholas an lae a shuiteáil.
- Má tá dallóga nua á suiteáil agat, roghnaigh dallóga cothrománacha (seachas dallóga ingearacha nó dallóga rolláin) lena chinntiú go mbeidh níos mó smachta agat ar an solas nádúrtha, a d'fhéadfadh dallrú ar scáileáin a laghdú agus tuilleadh solas inúsáidte a chruthú sa seomra.



2 Teas:

Gníomhartha chun úsáid fuinnimh ar theas a laghdú:

- Cinntigh go bhfuil an teirmeastat socraithe ionas go bhfuil an teas ag 19oC agus go bhfuil sé ag fuarú ag 24oC nó níos airde.
- Cinntigh go bhfuil uaineadóir an teirmeastait ceart, agus go bhfuil sé socraithe ag cur tréimhsí nuair atá an t-áitreabh folamh san áireamh.
- Cinntigh nach bhfuil troscán leagtha os comhair radaitheoirí.



- Cinntigh go bhfuil aerchóiriú, má tá sé ar fáil, casta as nuair nach dteastaíonn sé.
- Smaoinigh ar do theirmeastat a uasghrádú chuig teirmeastat leictreonach nua-aimseartha. Tá sé an-éasca teirmeastait gan sreang a shuiteáil agus cabhróidh sé leat níos mó smachta a bheith agat ar úsáid.
- Cinntigh go n-áirítear i seirbhísí bliantúla ar chaire seiceáil éifeachtúlachta dócháin. Soláthraíonn torthaí na seiceála seo léargas úsáideach a chabhróidh leat cinntí níos fearr a dhéanamh.



3 Trealamh Oifige:

Cé go bhféadfadh go leor de na gníomhartha seo a bheith ar eolas againn ar fad, is féidir úsáid fuinnimh a laghdú trí na nósanna nua seo a leanas a bhunú:

- Socraigh go mbeidh ríomhairí agus monatóirí á gcur ar suan (nó ar fuireachas) tar éis 10 nóiméad neamhghníomhaíochta.
- Ba cheart do gach comhalta foirne a ríomhaire a chasadh as ag deireadh an lae.
- Ainmnigh comhalta foirne atá freagrach as an trealamh leictreonach comhroinnte ar fad (fótachóipirí, printéirí, meaisíní caife etc.) a chasadh as ag deireadh an lae.
- Oiriúnaigh gile monatóirí ríomhaire – má tá siad rógheal cuirtear fuinneamh amú agus d'fhéadfadh go mbeadh tuirse shúl mar thoradh ar a leithéid freisin.
- Cinntigh nach bhfuil printéirí etc. nach bhfuil in úsáid go minic casta as go dtí go mbíonn siad ag teastáil, agus nach bhfuil siad á gcasadh air gach lá.
- Má tá ríomhairí pearsanta in úsáid ag d'fhoireann, smaoinigh ar ríomhairí glúine agus monatóirí réscáileáin a úsáid, mar go laghdaíonn siad úsáid fuinnimh.
- Má tá roinnt printéirí beaga agat, smaoinigh ar phrintéir mór amháin a cheannach chun éifeachtúlacht a mhéadú agus chomh maith leis sin cuirfidh sé fonn siúil ar chomhaltaí foirne i rith an lae agus cuirfidh sé brú orthu a bheith gníomhach.



Smaoinigh ar úsáid a bhaint as soláthraí fuinnimh a sholáthraíonn fuinneamh ó acmhainní in-athnuaite.



4 Trealamh Eile:

Úsáideann gnóthaí cineálacha eile trealaimh. Seo thíos roinnt smaointe eile a chabhróidh leat úsáid fuinnimh a laghdú:

- Cinntigh go ndúnann na doirse ar chuisneoirí agus ar reoiteoirí i gceart agus go bhfuil an teocht cheart socraithe.
- Sceidealaigh díreo rialta reoiteoirí.
- Bain úsáid éifeachtúil as an spás atá sa chuisneoir: oibríonn cuisneoirí ar an mbealach is éifeachtaí nuair a bhíonn siad $\frac{3}{4}$ lán.
- Coinnigh ionaid fuarstórála dúnta; más gá iad a choinneáil oscailte ar feadh tréimhsí fada, nó iad a úsáid chun earraí reoite a stóráil, smaoinigh ar stiallchuirteir a fheistiú.
- Tá miasniteoirí níos éifeachtúla ná gréithe a ní sa doirteal má tá go leor soithí le ní, ach cinntigh go bhfuil an miasniteoir lán sula gcasann tú air é. Socraigh miasniteoir gnó ag an timthriall barainne.
- Ná líon agus ná fiuch citil ach ina bhfuil an méid uisce a theastaíonn.
- Labhair le do chuntasóir faoi na buntáistí cánach atá ar fáil tríd an Liúntas Caipitil Luathaithe (ACA). Faoin scéim seo, ceadáítear duit costas iomlán an trealaimh a asbhaint ó do bhrabúis sa bhliain ceannaigh.




5 Trealamh Táirgthe:

Baineann fíorthábhacht le táirgeadh ar ardchaighdeán i ndáil le réachtáil go leor gnóthaí ach d'fhéadfadh go mbeadh go leor fuinnimh in úsáid freisin. Seo thíos roinnt smaointe chun fuinneamh a laghdú:

- Bunaigh nós chun an trealamh táirgthe ar fad a chasadh as ag deireadh an lae.
- Cuir lipéad ar lasca trealaimh ionas go mbeidh sé de nós ag comhaltaí foirne trealamh nach bhfuil in úsáid acu a chasadh as.
- Cinntigh go bhfuil mótaí glan agus ag obair i gceart, chun éifeachtúlacht a uasmhéadú.
- Bunaigh na socruithe is fearr do do threalamh agus roinn na sonraí cuí leis na bhfoireann.
- Cas as meaisíní díomhaoine e.g. comhbhrúiteoirí.
- Cinntigh go bhfuil aeráil mhaith mórthimpeall an chomhbhrúiteora.
- Smaoinigh ar an dramhtheas ó do chomhbhrúiteoirí a athúsáid.
- Déan iarracht sceitheadh aeir a aimsiú agus a dheisiú.
- Socraigh an leibhéal brú ag an leibhéal is ísle a theastaíonn ionas go n-oibreoidh an feidhmchlár.

Smaoinigh ar thiomántán luas inathraithe a shuiteáil chun éifeachtúlacht do mhótaí a fheabhsú.




6 Iompar:

D'fhéadfadh gurb ionann iompar agus ionad costais eile i do ghnó. Más ea, smaoinigh ar an méid seo a leanas, a d'fhéadfadh cabhrú leat diomailt fuinnimh a laghdú:



Tiománaithe a chlárú i gcúrsa éicithiomána: ní hamháin go bhfuil tiomáint ionsaitheach dainséarach, d'fhéadfadh go mbeadh sé an costas breosla >10% níos airde dá barr. Tá tuilleadh eolais le fáil ar ecodrive.ie

- Seiceáil brú bonn na feithicle uair sa mhí ar a laghad.
- Athraigh an gear go deas réidh, úsáid an gear is airde agus is féidir ag an RPM is ísle agus is féidir; seachain an t-inneall a róreibheáil agus athraigh an gear idir 1,500 (díosal) agus 2,000 (peitreal) RPM.
- Mol do chomhaltaí foirne siúl chun na hoibre nó léim ar an rothar. D'fhéadfaí é seo a spreagadh trí spásanna sábháilte chun rothair a fhágáil / spásanna stórála sábháilte a chur ar fáil. Tabhair faoi deara freisin, go bhféadfadh sé seo dul chun tairbhe shláinte agus fholláine na gcomhaltaí foirne agus astaíochtaí tráchta a laghdú.
- Ná hiompar aon rud nach bhfuil ag teastáil san fheithicil. Glan amach an búiit go minic chun an meáchan a choinneáil íseal agus úsáid breosla a laghdú.
- Nuair a bhíonn feithicil á n-athsholáthar, smaoinigh ar fheithicilí leictreacha a cheannach: tá deontais ar fáil, tá sé níos saoire iad a rith agus tá buntáistí cánach ar fáil freisin. Cuardaigh SIMI Drive Greener chun teacht ar eolas maidir leis na teicneolaíochtaí agus na deontais atá ar fáil.




MÁ TÁ TAIFID Á GCOIMEÁD, TABHARFAR AIRD AR AN MÉID FUINNIMH ATÁ IN ÚSÁID!

- Cinntigh go bhfuil a fhios agat conas do bhíllí leictreachais agus gáis a léamh. Labhair le do sholáthraithe fuinnimh agus faigh amach an bhfuil siad in ann anailís a dhéanamh ar do bhíll chun cabhrú leat teacht ar thuiscint ar na hamanna nuair a bhíonn an méid is mó fuinnimh in úsáid ag do ghnó. Seiceáil an bhfuil ráta níos fearr ar fáil do do ghnó trí labhairt le soláthraithe éagsúla.
- Aimsigh na méadair gháis agus leictreachais agus foghlaim conas iad a léamh.
- Coinnigh súil ar an méid fuinnimh atá in úsáid agat. Is féidir leat scarbhileog shimplí a úsáid chun súil a choinneáil ar an méid leictreachais, gáis agus uisce atá in úsáid agat agus patrúin a thabhairt faoi deara. Smaoinigh ar cholún a chur leis chun súil a choinneáil ar an dramhaíl atá ag dul isteach sna boscaí bruscair dubha, glasa agus donna. Má choinníonn tú súil ar fhaisnéis agus má thugann tú patrúin faoi deara, éireoidh leat gníomhú chun fuinneamh agus dramhaíl a laghdú tuilleadh.



An chéad chéim eile - Uisce!



Cosúil le fuinneamh, tarlaíonn go leor den diomailt uisce i ngan fhios do dhaoine. Trí dhíriú ar úsáid uisce agus ar ghníomhartha chun dramhaíl a laghdú, is féidir leat úsáid uisce i do ghnó a laghdú go suntasach.

1 An chéad chéim:

- Bailigh eolas faoin méid uisce atá in úsáid agat faoi láthair. Foghlaim conas do bhillí uisce a léamh agus tosaigh ag coinneáil taifid ar an méid uisce atá in úsáid agat ionas go mbeidh tú in ann an dul chun cinn atá á dhéanamh agat a thomhas.
- Labhair le d'fhoireann: Tarraing aird comhghleacaithe ar an gcostas don timpeallacht a bhaineann le huisce óil a chóireáil agus a sholáthar agus ar na srianta a bhaineann le córais cóireála.
- Déan iniúchadh uisce: sainaithin próisis nó réimsí de do ghnó ina bhfuil uisce in úsáid agus scrúdaigh cibé acu an gcabhródh nó nach gcabhródh athruithe beaga chun úsáid a laghdú.

2 Athúsáid uisce:

- Bailiú báistí: Cuirfidh córas bailithe ar do chumas báisteach a bhailiú. Ansin is féidir leat córais a shuiteáil chun uisce báistí a úsáid i do leithris, miasniteoirí, agus cithfholcadáin. Is féidir úsáid a bhaint as buta uisce shimplí chun uisce báistí a bhailiú le húsáid ar phlandaí, nó chun fuinneoga agus carranna a ní.
- Córas uisce liath: Uisce liath a thugtar ar uisce úsáidte. Is éard atá ann fuíolluisce ó dhoirtíl, draenacha cithfholcadáin nó meaisíní níocháin. Bailíonn agus athúsáideann córais uisce liath an fuíolluisce seo. Ansin is féidir leat é a úsáid chun leithris a shruthlú, uisce a chur ar phlandaí, agus ballaí seachtracha den fhoirgneamh a ní.



3 Laghdaigh an méid uisce atá in úsáid agat:

- Ná fág sconnaí ar siúl: d'fhéadfadh sconna atá fágtha ar siúl suas le 6 lítear uisce a chur amú gach nóiméad.
- Aimsigh sceitheadh agus deisigh sconnaí atá ag sileadh.
- Úsáid socruithe éifeachtúla uisce: Úsáid éiceashocruithe ar mhiasniteoirí agus ar mheaisíní níocháin.
- Roghnaigh táirgí glantacháin éiceolaíocha chun astaíochtaí dochracha isteach san uisce a laghdú.
- Tarraing aird custaiméirí agus fostaithe ar úsáid uisce, croch fógraí caomhnaithe uisce in áiteanna suntasacha.
- Athruithe Ísealteicneolaíochta: Is féidir roinnt gníomhartha ísealteicneolaíochta, ísealchostais, tapa a dhéanamh.
- Iarfheistigh córas déshruthlaithe i leithris níos sine, infheistigh i málaí sistéal leithris, nó úsáid uaineadóirí cithfholcadáin.
- Uasghrádaigh chuig trealamh uisce-éifeachtúil: Nuair a bhíonn trealamh nua á cheannach, uasghrádaigh chuig gléasanna agus feistí níos uisce-éifeachtúla. Déanann sconnaí, sconnaí cithfholcadáin, leithris, agus miasniteoirí difríocht mhór.
- Glan go Comhfhiosach: Smaoinigh ar cé chomh minic a níonn tú ballaí seachtracha foirgnimh, fuinneoga nó feithiclí. Déan iarracht srian a chur leis an úsáid a bhaineann tú as scairdniteoirí mar go n-úsáideann siad go leor uisce.



Coinnigh Draenacha Glan:

D'fhéadfadh go mbeadh bailiúchán saillte, ola agus gréisce i ndraenacha mar bhonn le calcthaí tromchúiseacha agus truailliú uisce.

Déan	Ná déan
Glan bia ó phlátaí roimh iad a chur sa mhiasniteoir.	Cuir saillte, olaí, gréisce nó scríobóga bia síos an doirteal.
Bailigh an ola chócaireachta ar fad i gcoimeádán oiriúnach ionas gur féidir le bailitheoir údaraithe é a bhailiú. Seiceáil le Rannóg Timpeallachta/Oibríochtaí Chomhairle Contae Fhine Gall an féidir le d'ionad athchúrsála áitiúil ola a bhailiú agus cén leibhéal?	Cuir saillte, gréisc nó salachar síos i ndraenacha urláir.
Úsáid stráiníní i bpoill stopalláin. Úsáid doirtil ar leith chun níochán a dhéanamh.	Glan trealamh i ndoirtil ullmhaithe bia.
Cinntigh go bhfuil trealamh gaistithe gréisce á choimeád mar is cúí agus á seirbhísiú ag conraitheoirí cáilithe go rialta.	Doirt ceimiceáin dhochracha síos an doirtil chun saillte, ola nó gréisc a leá chun draenacha a dhíbhlocáil.

Má tá saillte, olaí nó gréisc (FOGS) á scaoileadh ó d'áitreabh agus má bhíonn calcthaí agus tuilte dá mbarr, d'fhéadfadh go mbeadh tú faoi dhliteanas na costais a íoc. D'fhéadfaí go mbeadh ort innealra speisialaithe a fháil ar cíos, pearsanra speisialaithe a aimsiú, go mbeadh stoc á chailleadh dá bharr agus go mbeadh an t-áitreabh le glanadh. **Foinse: Uisce Éireann**


An bhfuil difríocht idir an méid atá ar bun agatsa agus ag daoine eile?

Úsáid uisce in oifigí



- Glanadh 1%
- Níochán 27%
- Sruthlú úirinéil 20%
- Úsáid sa cheaintín 9%
- Sruthlú leithris 43%

Úsáid uisce i ndéantúsaíocht bia



- Oifigí agus cistineacha 1%
- Sceitheadh & forsceitheadh 3.6%
- Túir fhuaraithe 24%
- Cóireáil eisiltigh 0.4%
- Próiseáil/glanadh 55%
- Coire-theach 16%



An chéad chéim eile, fáil réidh le dramhaíl & dramhaíl a laghdú!

Tá an nath seo a leanas cloiste againn ar fad: Laghdaigh, Athúsáid, Athchúrsáil agus bain tairbhe as na buntáistí. Ach anois is fiú an chéad chéim eile a thógáil agus scrúdú ceart a dhéanamh ar na gníomhartha praiticiúla is féidir leat a chur i gcrích i do ghnó. Is é sin Ord na Réiteach Dramhaíola.

Cabhraíonn an amharciomhá shimplí seo agus na ceisteanna gaolmhara le húinéirí gnó a machnamh a dhéanamh ar ghnéithe difriúla de tháirgeadh dramhaíola agus cur chuige a phleanáil. Is uirlis an-éifeachtach é seo chun dramhaíl a laghdú, agus na costais ghaolmhara a laghdú freisin.



ELIMINATE

- 1. Cuir deireadh le:** Céard is féidir leat a dhéanamh chun stop a chur le táirgeadh dramhaíola?



REDUCE

- 2. Laghdaigh:** Céard is féidir leat a dhéanamh chun an méid dramhaíola atá á tháirgeadh ag do ghnó a laghdú?



RE-USE

- 3. Athúsáid:** Céard is féidir leat a dhéanamh chun míreanna a athúsáid an oiread uaireanta agus is féidir?



RECYCLE

- 4. Athchúrsáil:** I ndiaidh mír a úsáid an oiread uaireanta agus is féidir, céard is féidir leat a athchúrsáil?



DISPOSE

- 5. Diúscair:** Diúscair an méid atá fágtha go freagrach.

COMHIARRAUGHT:

Díreach mar atá ráite maidir le fuinneamh & uisce, pléigh conas is féidir dramhaíl a laghdú le d'fhoireann & cuir a gcuid smaointe & ionchuir san áireamh.



1 Dramhaíl Oifige:

- Ar an gcéad dul síos, stop agus déan do mhachnamh, céard atá le priontáil i ndáiríre? Athbhreithnigh próisis a áirítear iontu doiciméid phriontáilte a úsáid agus smaoinigh ar na bealaí ina bhféadfaí é seo a sheachaint. Mol do chomhaltaí foirne gan doiciméid a phriontáil mura bhfuil géarghá leis.
- Ó tharla daoine a bheith ag obair ó chian le tamall anuas, an féidir níos mó úsáide a bhaint as áiseanna digiteacha? An féidir leat úsáid a bhaint as údaruithe digiteacha nó as sínithe digiteacha chun doiciméid a shíniú? An féidir orduithe nó cigireachtaí a dhéanamh ar tháibléid seachas ar pháipéar?
- An bhfuil taispeántí fuinneoige páipéir/cairtchlár agat, an bhféadfaí taispeántí digiteacha a chur in n-áit, an bhféadfaí iad a nuashonrú go leanúnach? An bhfuil bróisiúir páipéir in úsáid agat, an bhféadfaí iad a sheoladh trí ríomhphost chuig custaiméirí nua/reatha?
- Cumraigh printéirí agus fótachóipirí ionas go bhfuil an dá thaobh den pháipéar á phriontáil. D'fhéadfadh sé seo cabhrú leat do chostais a laghdú faoina leath agus úsáid páipéir a laghdú.
- Faigh réidh le boscaí bruscair aonair deisce agus cruthaigh pointí lárnaigh dramhaíola agus athchúrsála ina n-áit – cuireann sé seo brú ar dhaoine a machnamh a dhéanamh sula gcaitheann siad rud éigin sa bhosca bruscair agus d'fhéadfadh sé daoine a spreagadh freisin a gcuid iompair a athrú agus níos lú dramhaíola a chruthú.
- Croch comharthaí agus póstaer meabhrúcháin in áiteanna tábhachtacha chun an tábhacht a bhaineann le deireadh a chur le dramhaíl, dramhaíl a laghdú, a athúsáid agus a athchúrsáil a mheabhrú do dhaoine.
- Cealaigh dramhphost agus foilseacháin gan iarraidh – ná déan dearmad go bhfuil tusa ag íoc as diúscairt nó athchúrsáil a leithéid.
- Déan athbhreithniú ar na míreanna a bhféadfaí iad a athchúrsáil, ach nach bhfuil á n-athchúrsáil faoi láthair, agus déan socruithe chun a leithéid de mhíreanna a bhailiú. Cinntigh go dtuigeann an fhoireann ghlantacháin céard is féidir/nach féidir a athchúrsáil.
- Mol do chomhaltaí foirne buidéal uisce ath-inúsáidte seachas cupáin nó buidéal phlaisteacha a úsáid.



2 Dramhaíl Óstáin & Fáilteachais:

- Roghnaigh táirgí nach bhfuil an iomarca pacáistíochta in úsáid orthu nó iarr ar do sholáthraithe táirgí a sholáthar ar bhealach a chiallaíonn go bhfuil níos lú pacáistíochta in úsáid. Más féidir, ceannaigh earraí ina bhfuil ábhar athchúrsáilte.
- Cinntigh go dtuigeann an fhoireann, go háirithe an fhoireann ghlantacháin agus tís do scéim athchúrsála, agus go bhfuil siad ar an eolas faoin scéim athchúrsála atá á cur i bhfeidhm agat. Úsáid ceirteacha in-nite seachas tuáillí páipéir.



An Chistin & Bia:

- Athbhreithnigh na cleachtais cistine ionas nach mbeidh fuinneamh agus uisce á ndiomailt.
- Athbhreithnigh na soláthraithe atá roghnaithe agat. An féidir táirgí a cheannach go háitiúil?
- Srianadh sciar – seiceáil an méid bia atá á fhágáil ag daoine ar a gcuid plátaí. Cuir sciartha in oiriúint do dhaoine agus laghdaigh dramhbhia.
- Tabhair cead don chócaire biachlár roghanna an lae a fhorbairt ionas go mbeidh fuilleach bia in úsáid.
- Tabhair cuairt ar brownbin.ie, epa.ie/waste agus stopfoodwaste.ie chun teacht ar chomhairle maidir le dramhaíl orgánach agus dramhbhia a bhainistiú, ar ceanglas dlí é don earráil fáilteachais.
- Má tá earraí á ndíol go díreach agat le custaiméirí trí sheirbhís seachadta chun an bhaile, an féidir leat oibriú i dteannta le gnó áitiúil eile agus an tseirbhís seachadta a sholáthar i gcomhpháirt?



2 Dramhaíl Óstáin agus Fáilteachais Ar lean:

Seomraí Aíochta & Fáilteachas:

- Úsáid dáileoirí athlíoanta, dosháraithe gallúnaí agus seampú.
- Úsáid coimeádáin spraeála athlíoanta le haghaidh glantacháin.
- Bunaigh beartas athúsáide tuáillí a chiallaíonn nach nitear ach na tuáillí a fhágtar ar an urlár.
- Cuir bosca bruscair ar leith ar fáil d'aíonna ionas gur féidir leo an dramhaíl atá in-athchúrsáilte a choinneáil scartha.



3 Dramhaíl Mhiondíola:

- Croch comharthaí agus póstaer meabhrúcháin in áiteanna tábhachtacha chun na bealaí inar féidir dramhaíl a laghdú, a athúsáid agus a athchúrsáil a mheabhrú do dhaoine. Cinntigh go dtuigeann an fhoireann ghlantacháin céard is féidir/nach féidir a athchúrsáil.
- Smaoinigh ar bhróisiúr digiteach a úsáid seachas bróisiúr páipéir agus é a sheoladh chuig custaiméirí trí ríomhphost. Úsáid taispeántí digiteacha seachas taispeántí cairtchlár agus beidh an rogha agat do thaispeánt agus do thairiscintí a nuashonrú go leanúnach.
- Smaoinigh ar phacáistíocht burlála cairtchlár a úsáid cosúil le boscaí seachtracha i ndiaidh míreanna a bheith curtha ar an tseif agus comharthaí taispeána poiblíochta déanta as cairtchlár, (ba cheart ábhar poiblíochta neamh-úsáidte a athchúrsáil le nuachtáin agus le hirisleabhair).

3 Dramhaíl Mhiondíola Ar lean:

- Ná burláil cairtchlár atá éillithe le bia nó le dramhbhia nó cairtchlár fliuch. Diúscair é seo i mbosca bruscair na Dramhaíola Ginearálta.
- Cinntigh go bhfuil lipéad soiléir ar gach bosca bruscair. Seiceáil nach bhfuil ábhar in-athchúrsáilte (cairtchlár, plaisteach, páipéar, buidéal phlaisteacha, cannaí alúmanaim etc.) á chur san áit mhícheart. Úsáid málaí trédhearcacha don dramhaíl ar fad, cinntigh go bhfuil an dramhaíl á scaradh i gceart.
- Coinnigh súil ar bhoscaí bruscair atá in áiteanna poiblí e.g. sa charrchlós.
- Bí páirteach sa Gheilleagar Ciorclach. Tá tuilleadh eolais le fáil ar Leathanach 14.
- Ba cheart an páipéar ar fad a athchúrsáil, lena n-áirítear páipéar oifige, admhálacha scipéid, paimfléid, dramhphost etc.
- Soláthair boscaí athchúrsála páipéir ag na cuntair amach.
- Gearr siar más féidir ar nuachtáin & irisleabhair nach bhfuil á ndíol, go háirithe sa chás nach bhfuil an chóip iomlán á tabhairt ar ais do na príomhdháileoirí.
- Nuair a bhíonn seilfeanna á bpacáil, cuir pacáistíocht déanta de chárta agus plaisteach i gcoimeádáin ar leith. Cabhróidh sé seo leat rátaí athchúrsála a mhéadú agus cosc a chur ar na sruthanna seo a chur chuig líonadh talún.
- Ná ceadaiigh d'ionadaithe cuideachta agus do mharsantóirí boscaí bruscair do dhramhaíl ghinearálta siopa a úsáid.
- Tabhair cuairt ar www.mywaste.ie/home-irish, www.epa.ie/gaeilge agus www.stopfoodwaste.ie chun teacht ar chomhairle maidir le dramhaíl orgánach agus dramhbhia a bhainistiú, a ceanglas dlí é don earnáil seirbhíse bia.



IN ÉIRINN

22,000

Cupán Caifé á
ndiúscairt gach uair
an chloig



85%

de mhearfhaisean ag
dul chuig líonadh talún
gach bliain



1/3

den bhia a
cheannaítear,
caitear sa
bhosca
bruscair é



8 MILLIÚN

Tona de dhramhaíl
phlaisteach
cruthaithe gach
bliain.

Foinse: www.mywaste.ie/home-irish, 2020

Tabhair cuairt ar www.mywaste.ie/home-irish áit a bhfuil tuilleadh smaointe maidir le dramhaíl a laghdú, san ionad oibre agus sa ghnáthshaol laethúil.



An Geilleagar Ciorclach

Is coincheap é an Geilleagar Ciorclach ina mbíonn deireadh á chur le dramhaíl agus ina mbíonn iarrachtaí á ndéanamh úsáid leanúnach a bhaint as acmhainní ar bhealach in-athnuaite.

An féidir le do ghnó féin a bheith páirteach sa gheilleagar ciorclach? An féidir leat brabús a dhéanamh ó do dhramhaíl? An féidir le gnó eile do chuid fotháirgí nó dramhaíola a úsáid mar amhábhair ina phróiseas táirgthe féin?

An féidir leat ábhair déanta as dramhaíl gnó eile a úsáid seachas na hábhair atá in úsáid agat i láthair na huaire? An bhféadfá comhoibriú le gnó eile sa cheantar chun dramhábhair a mhalartú agus úsáid a bhaint as slabhra soláthair áitiúil? An bhféadfá oibriú i dteannta le gnó éigin eile chun seachadtaí sa mhíle deiridh a dhéanamh?"


Tá go leor deiseanna á gcruthú ag an nGeilleagar Ciorclach do ghnóthaí. Má theastaíonn tuilleadh eolais uait, tabhair cuairt ar:

Comhairle Gnó Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe:
www.wbcd.org



Venturewell: Dearadh don Gheilleagar Ciorclach (Dearadh don Saol):

Buaigh



TÁ PLEAN INIÚCHTA & GNÍOMHAÍOCHTA INBHUANAITHEACHTA LE BRONNADH AG COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL AR GHNÓ ÁITIÚIL.

Tabharfaidh comhairleoir ó Patel Tonra Ltd, Environmental Solutions, faoi chuairt 2-3 uair ar do ghnó chun measúnú a dhéanamh de réir cuid de na ceannteidil seo a leanas, nó de réir na gceannteideal seo a leanas ar fad:

- Laghdú & Bainistíocht Dramhaíola
- Bainistíocht agus Caomhnú Uisce & Fuinnimh
- Tionchair Timpeallachta eile ar an suíomh Slabhra Soláthair & Feidhm Soláthair
- Bainistíocht agus Ceannaireacht
- Rannpháirtíocht Foirne agus Pobail

Cuirfear tuarascáil iarmheasúnaithe ar fáil don ghnó mar aon le plean gníomhaíochta, agus tarraingeofar aird ar na réimsí a bhféadfaí iad a fheabhsú.

Díreofar san iniúchadh ar thionchair thimpeallachta agus shóisialta na ngnóthaí aonair.

Más mian leat deis a bheith agat duais a bhuachan, tabhair cuairt ar <https://www.fingal.ie/ga/gnoinbhuanaithe>



Úsáid an deis chun eolas a bhailiú faoi na hacmhainní breise Inbhuanaitheachta do ghnóthaí atá ar fáil, lena n-áirítear cúrsaí oiliúna, deontais agus go leor nod breise maidir le laghdú fuinnimh, uisce agus dramhaíola.



Tar ar an aistear linn

Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta do ról a bheith aici i bhfreagairt na hÉireann don Athrú Aeráide.



IS FÉIDIR LEAT RÓL A IMIRT:

- Gníomhaigh lena chinntiú go mbeidh do ghnó á reáchtáil go hinbhuanaithe.
- Bailigh eolas maidir le conas is féidir le do ghnó féin a bheith páirteach sa Gheilleagar Ciorclach.
- Déan iarracht a chinntiú go bhfuil dúshláin na hathruithe aeráide á sárú.

CHOMH MAITH LEIS SIN, IS FÉIDIR LEAT CABHRÚ LINN AR NA BEALAÍ SEO A LEANAS:

- Oibrigh leis na gComhairle maidir le hathrú aeráide.
- Cuir tús le comhrá idir an Chomhairle agus gnóthaí maidir leis an ngeilleagar ciorclach agus cuir comhairle orainn maidir le conas is féidir a chinntiú go bhfuil Fine Gall níos inbhuanaithe.

CURTHA I DTOLL A CHÉILE AG

Comhairle Contae
Fhine Gall
Fingal County
Council



LE TACAÍOCHT Ó

seai SUSTAINABLE
ENERGY AUTHORITY
OF IRELAND

REPAK

UISCE
ÉIREANN | IRISH
WATER



**FINE GALL
INBHUANAITHE**
SUSTAINABLE
FINGAL

**Tionscnamh de Chuid
Chomhairle Contae Fhine Gall**
An initiative of
Fingal County Council